

CROMAILL

Sgéal faoi Chromaill agus faoi lá Fhéil Muire na Féile Pádraig agus bás Chromaill.

Séard a bhí in Cromaill gréasaidhe bróg ar dtús. Bhí fear de mhuintir Bhriannaigh ina chomhnuidhe i gCondae an Chláir. Bhí fear muintireach de bhráthair 'na chomhnuidhe sa teach in aonfhacht leis. An lá seo dubhairt sé leis an mBrianach "tá fear," adeir sé, "a bhfuil Cromaill air ina ghréasaidhe bróg i Sasana agus beidh sé ina Rí ar Éirinn fós agus dhá dtóigfeá mo chomhairle ghabhfá anonn agus chuirfeá péire bróg dhá ndéanamh aige. Nuair a bhéas na bróga déanta aige íoc go maith é agus tabhair a dhóthain le n-ól dhó agus fág sgríobhtha uaidh ina chuid fola má thagann sé go hÉirinn go brách ag ríoghamhlacht go mbeidh pas agat uaidh."

Chuaidh an fear go Sasana agus fuair sé amach Cromaill agus chuir sé péire bróg dhá ndéanamh aige. An lá a raibh na bróga déanta, nuair a bhí sé dhá n-íoc thug sé naoi nó deich de sgilleacha dhó le cois luach na mbróg. Dubhairt an gréasaidhe ó thosuigh sé a' déanamh bróg go mbá é an fear ba fhiúntaigh é a tháinig an bealach. Thug sé amach é ansoin agus tug sé a dhóthain le n-ól dó agus bhí Cromaill bunáite ar meisge aige. "Ta súil agam anois," adeir an Brianach "go ndéanfaidh tú oibliugáid bheag a iarrfas mé ort." "Céard é sin?" adeir Cromaill. "Tá súil agam go dtiubharfaidh tú sgríobhtha dhom as do chuid fola má thagann tú go hÉirinn a' ríoghamhlacht go brách go dtiubharfaidh tú pas dom." "Is aisteach an rud le rádh liomsa é sin" adeir Cromaill. Céard a bhéarfadh go mbeinnse i mo rí?" Ach thug sé dhó é.

Ní raibh sé i bhfad 'na dhiadh seo gur cailleadh an rí a bhí ar Shasana agus chuaidh Cromaill isteach ina rí. Chuir sé na mílte saighdiúr go hÉirinn a'tóigeál seilbh ar na feilmearaí Caitliceach agus dá nglanadh amach agus a' cur Protastúin isteach i na n-áit. Chuir sé scéala roimhe go hÉirinn nach raibh aon deatach le bheith in aon teach Caitliceach i nÉirinn roimhe. An lá a raibh sé le theacht i gCondae an Chláir dubhairt an bráthair seo leis an mBrianach, "cuir síos teine mhór mhillteach" adeir sé" agus bíodh púir dheataigh agat." Nuair a tháinig Cromaill agus chonnaic sé an méid deataigh splanc sé. Tháinig sé go bhfeiceadh sé cén fáth an deatach a bheith in aon teach Caitliceach. Nuair a tháinig sé ag an teach ní dhearnaigh an fear ach a' páipéar seo a shíneadh aige. "Cuimhnighim go raibh a leithéid de lá ann" adeir Cromaill. "Ach cé thug an fios duitse?" "A leithidhe seo de fhear" adeir an Brianach. "Tabhair an fear sin i mo láthair-sa" adeir Cromaill. Ba é lá Fhéil Muire na Féile Pádraig a bhí ann an lá roimhe sin agus ba é Domhnach Cásgrais é. Tugadh an bráthair go dtí é. D'fhiafrúigh Cromaill den bhráthair cén t-achar a sheasfadh a dhlighe. "Seasfaidh sé" adeir an bráthair "go dtaga an lá indé ar ais. D'fhiafrúigh sé dhe ansoin cén t-achar a mhairfeadh sé féin, agus dubhairt an bráthair go mairffeadh sé an t-achar a thogróchadh sé é. D'iarr Cromaill an inghean ar Rí na Fraince agus gheall an Rí an inghean dó a leithide seo de lá le pósadh. Bhí Cromaill dhá réidhteach féin ansoin ag súilleisan bhFrancach an lá seo dhá bhearradh féin do Rí na Fraince. Dubhairt an Rí go mbearr leis

seacht n-urchar a chur tríd an inghean ná í a thabhairt dhó ach é a bheith réidh a leithide seo de lá le dhul 'un cogaidh. Ní dhearnaidh Cromail ach an rásúr a tharraingt ar a mhuineál agus é fein a mharbhughadh.

17/3/33